

# Ceacht 2



## An cuspóir atá le fógraíocht a mhíniú agus a thuiscint

### Cuspóir Foghlama

Ba cheart go mbeadh na leanaí ábalta a mhíniú agus a thuiscint cad is cuspóir don fhógraíocht.

### Toradh Foghlama

Ba cheart go mbeadh na leanaí in ann ceangal a fheiceáil idir fógraíocht agus áitiú a dhéanamh ar dhuine rud a dhéanamh. Chomh maith leis sin ba cheart go mbeidís in ann a aithint go bhfuil roinnt fógraíocht ag iarraidh rud éigin a 'insint' dúinn. Sainnithin roinnt fógraíochta atá ag iarraidh rud éigin a 'insint' dúinn.

### Nótaí na Mhúinteora

Ag leanúint ón ngníomhaíocht roimhe seo, breathnaigh níos géire ar roinnt den fhógraíocht chun a fháil amach céard is sprioc di. Déanann fógraíocht iarracht ceann de cheithre sprioc a bhaint amach:

- Rud éigin a insint dúinn is gá dúinn a bheith ar eolas againn
- Áitiú orainn táirge nó branda a cheannach
- Áitiú orainn ár n-iompar a athrú
- Dearcadh a chur chun cinn

### Acmhainní

- Gníomhaíocht 2.1 – an póstaer *Tar chuig an Sorcas*
- An Scéal *Is Fuath le Tom an Sorcas*

### Modheolaíocht

- Caint agus plé – An Scéal *Is Fuath le Tom an Sorcas*
- Comharfhoghlaim – Áitigh ar an Múinteoir
- Scileanna trí mheán an ábhair – an póstaer *Tar chuig an Sorcas*

# Ceacht 2



## Cur Chuige

### Céim 1: Cineálacha Meáin

- Cuir i gcuimhne do na leanaí gur fhoghlaim siad sa cheacht deireanach go bhfeicimid agus go gcloisimid a lán teachtaireachtaí gach lá agus go dtagann a lán de na teachtaireachtaí sin ó chineálacha éagsúla meáin.
- Cuir i gcuimhne dóibh gur féidir le cuideachtaí na meáin chumarsáide a íoc chun a dteachtaireachtaí a chur chun cinn agus muid a spreagadh le táirge nó branda a cheannach – bia, bréagáin, éadaí nó cluichí. Tugtar fógraíocht ar theachtaireachtaí a chur chun cinn sna meáin ar an gcaoi sin.
- Mínígh do na leanaí go bhfeiceann an gnáthdhuine tuairim is 1,500 fógra gach lá.
- Cuir i gcuimhne dóibh gur moladh dóibh súil a choinneáil amach d'aon teachtaireachtaí a fheiceann nó a chloiseann siad sna meáin, fógraí san áireamh.
- Iarr orthu an bhfaca siad aon teachtaireachtaí sna meáin ón gceacht deireanach i leith, fógraí san áireamh.
- Cuir i gcuimhne do na leanaí gur fhéach siad ar fhíseán ina raibh a lán samplaí de mheáin.
- Iarr orthu an féidir leo aon cheann de na meáin sin a ainmniú.



Físeán

### Roghnaigh

- Seinn an físeán *Cad iad na Meáin Chumarsáide?* atá ar fáil ar shuíomh gréasáin MediaWise, [www.MediaWise.ie](http://www.MediaWise.ie), chun na cineálacha éagsúla meán a chur i gcuimhne do na leanaí.

### Céim 2: Áitigh ar an Múinteoir

- Mínígh do na leanaí go dtabharfaidh tú 5 nóiméad sa bhreis dóibh d'am Corpoideachais nó Ealaíne nó gníomhaíocht thaitneamhach eile, más féidir leo a áitiú ort gur maith an smaoineamh é sin.
- Mínígh gurb é is brí le 'háitiú' ar dhuine ná a chur ina luí orthu rud éigin a dhéanamh.
- Iarr ar na leanaí roinnt cúiseanna a thabhairt duit le go dtabharfaí 5 nóiméad sa bhreis dóibh don ghníomhaíocht thaitneamhach.
- Féadfaidh na leanaí obair i mbeirteanna, i ngrúpaí nó mar rang iomlán.
- Iarr ar leanbh amháin as gach beirt nó grúpa labhairt, agus a gcúiseanna a chur in iúl cén fáth ar cheart 5 nóiméad sa bhreis a thabhairt dóibh don ghníomhaíocht thaitneamhach.
- Tar éis dóibh na cúiseanna go léir a thabhairt, déan cinneadh 5 nóiméad sa bhreis a thabhairt dóibh mar gur éirigh leo áitiú ort.



## Cur Chuige ar lean

### Céim 3: Am Scéalaíochta

- Fiafraigh de na leanaí ar éirigh leo áitiú ar dhuine riamh rud a chur ina luí orthu.
- Tabhair an t-am dóibh roinnt samplaí a thabhairt d'amanna inar áitigh siad ar dhaoine.
- Cuir in iúl do na leanaí go n-inseoidh tú scéal dóibh faoi dhuine ar cuireadh ina luí air rud éigin a dhéanamh.

#### Is Fuath le Tom an Sorcas

Bhí na leanaí uile i rang Tom sceitimíneach. Bheadh an Sorcas ag teacht. Is breá le Maria an sorcas agus bhí sí ag súil go mór na hainmhithe a fheiceáil. Is breá le Harry na bobaidí a bhíonn ag amadántacht. Is aoibhinn le Sive an cró-mháistir lena ghuth mór glórach. Taithníonn sé le Alex dul isteach sa phuball mór lena teaghlach. Ach ní raibh Tom sceitimíneach. Níor thaitin an sorcas le Tom. Dar leis, is rud leadránach agus áiféiseach é an sorcas. Bheartaigh na leanaí eile iarracht a chur ina luí ar Tom go bhfuil an sorcas go hiontach. Labhair Maria ar dtús, ar sise: “Bíonn na leoin chomh scanrúil agus na moncaithe an-ghreannmhar. Is féidir leis an eilifint cleasanna iontacha a dhéanamh.” Ansin, arsa Harry: “Bíonn na bobaidí chomh greannmhar sin go mbímse ar an talamh ag gáire.” Ansin labhair Sive mar a bheadh cró-mháistir. “Fáilte chuig an sorcas, an seó is fearr a fheicfidh tú i mblíana. Tar isteach, buail fút agus bíodh iontas na n-iontas ort.” Ar deireadh duit Alex le Tom: “Tá an puball chomh mór sin gur féidir é a fheiceáil ó mo theach. Chomh maith leis sin, tá a lán ainmhithe ann, agus bíonn orthu iad a chur sa pháirc is mó sa bhaile. Seo an rud is fearr a fheicfidh tú sa bhaile seo i mblíana.” Bhreathnaigh siad go léir ar Tom. Bhreathnaigh sé ar ais orthu ag meangach gáire. “Fuaimníonn sé sin ar fheabhas,” arsa Tom, “Tá sibh tar éis a chur ina luí orm dul chuig an sorcas.” D'fhreastail Tom ar an sorcas an oíche sin agus bhain sé barrthaitneamh as.


- Iarr ar na leanaí an scéal a athsint.
- Céard a tharla ag an tús? Ar thaitin an sorcas le Tom?
- Céard a tharla le linn an scéil chun a mheon a athrú.
- An dóigh leat gur athraigh Tom a mheon faoi dheireadh an scéil?

Seans go luafaidh na páistí gur éirigh leis na páistí eile a chur ina luí ar Tom dul chuig an sorcas trína chur ina luí air go mbainfeadh sé taitneamh as.

- Míniú do na leanaí go ndéanann na meáin iarracht ceann de cheithre sprioc a bhaint amach:
  - Rud éigin a insint dúinn is gá dúinn a bheith ar eolas againn
  - Áitiú orainn táirge nó branda a cheannach
  - Áitiú orainn ár n-iompar a athrú
  - Dearcadh a chur chun cinn.
- Míniú do na leanaí go bhfuil fógraí ag iarraidh rud éigin a 'dhíol'.
- Iarr ar na leanaí ar éirigh le fógra riamh a chur ina luí orthusan rud a cheannach.
- Cén táirge a cheannaigh siad agus conas a chuir an fógra ina luí orthu é a cheannach?

### Céim 4: An Póstaer Tar chuig an Sorcas

- Iarr ar na leanaí an bhféadfaidís a chur ina luí ar Tom dul chuig an sorcas trí phóstaer a tharraingt mar fhógra don sorcas, leis na hiontais go léir léirithe air.
- Iarr orthu cad ba mhaith leo a chur san fhógra?
- Seans go luafaidh siad leoin, moncaithe, eilifint, bobaide, cró-mháistir, puball mór.
- Bain leas as Gníomhaíocht 2.1. Beidh na leanaí in ann fógra a dheardh chun tathant ar Tom freastal ar an sorcas.
- Ag deireadh na gníomhaíochta iarr ar na leanaí a gcuid oibre a roinnt leis an rang agus a mhíniú cén fáth ar roghnaigh siad a seifteanna féin chun a chur ina luí ar Tom freastal ar an sorcas.
- Iarr ar na leanaí ar mhaith leo é a dhathú nuair a bheidh deireadh déanta acu.



Gníomhaíocht 2.1